Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11080/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0173 (COD)**

**DATAPROTECT 219**
**JAI 879**
**COPEN 244**
**IXIM 146**
**ENFOPOL 241**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 314 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 314 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 314 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2026
COM(2026) 314 final

2026/0173 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ceapadh Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (EUDPR) chun córas comhleanúnach nuachóirithe cosanta sonraí a bhunú d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile an Aontais. Bhí sé beartaithe go sonrach le Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 go rialófaí próiseáil 'sonraí pearsanta oibríochtúla' (is é sin na sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun gníomhaíochtaí a dhéanamh a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE) ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) an Aontais, lena n-áirítear Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus, go feadh méid teoranta, Frontex.

D'ainneoin ghlacadh EUDPR, tá an creat cosanta sonraí is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí CGB an Aontais fós ilroinnte. Go háirithe, níl feidhm ag Caibidil IX maidir le OIPE, a réamhdhátaíonn a Rialachán bunaidh EUDPR. Mar thoradh air sin, tá forálacha áirithe de Rialachán OIPE a dhíbhéirsíonn ó thaobh substainte de, nó a foirmlíodh ar mhodh atá éagsúil, ó na forálacha comhfhreagracha a leagtar amach i gCaibidil IX de EUDPR. Ina theannta sin, foráiltear le EUDPR gurb amhlaidh, maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, nach bhfuil ach Airteagal 3 (sainmhínithe) agus Caibidil IX infheidhme. Ar thaobh amháin, ba é an toradh a bhí air sin, forálacha a choinneáil lena rialaítear gnéithe áirithe a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla i ngníomhartha bunaidh na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí faoi seach. Ar an taobh eile, tá sé ina chúis le héiginnteacht dhlíthiúil i dtaobh an bhfuil feidhm ag forálacha atá ann i gCaibidil II go Caibidil VIII amhail na forálacha sin a bhaineann le taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála nó le cúraimí an oifigigh cosanta sonraí, agus lena mhéid atá feidhm acu, i gcásanna nach ann d'fhorálacha den chineál céanna i gCaibidil IX nó i ngníomhartha bunaidh na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí ábhartha. Ní hamháin go mbaineann an ilroinnt sin an bonn den deimhneacht dhlíthiúil ach cruthaíonn sí bacainní praiticiúla ar chomhar éifeachtach freisin idir comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nuair atá sonraí á gcomhroinnt acu. Sa chéad tuarascáil ar chur i bhfeidhm EUDPR in 2022, d'admhaigh an Coimisiún na heasnaimh sin agus rinne sé breithniú ar idirghabháil reachtach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Sa chomhthéacs sin, saothraíonn an togra seo na cuspóirí maidir le simpliú agus maidir le comhsheasmhacht an chreata cosanta sonraí is infheidhme a áirithiú, go háirithe trí na rialacha ábhartha a ailíniú ar fud chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Meastar go maolóidh an t-ailíniú sin ualaí riaracháin agus go n-éascóidh sé malartuithe sonraí eatarthu agus, ag an am céanna, go bhfeabhsóidh sé deimhneacht dhlíthiúil. Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus i gcomhréir leis an gcuspóir ginearálta maidir le hilroinnt rialacha cosanta sonraí a íoslaghdú, tá an togra bunaithe ar cheithre phríomhchuspóir:

**Cur i bhfeidhm comhsheasmhach na cosanta sonraí maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais a áirithiú**

Ní mór raon feidhme leathnaithe a bheith ag Caibidil IX chun a áirithiú go ndéantar í a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud ghníomhaireachtaí, chomhlachtaí agus oifigí uile an Aontais in earnáil an cheartais choiriúil agus fhorfheidhmiú an dlí. Déanfar OIPE a chomhtháthú isteach i gcreat EUDPR. Déanfar an méid sin gan dochar don fhéidearthacht, i Rialachán OIPE, na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí is gá a choinneáil chun cineál

uathúil OIPE mar oifig ionchúisitheora phoiblí neamhspleách an Aontais a léiriú. Tá na rialacha atá ann i gCaibidil IX ailínithe cheana féin le rialacha comhfhreagracha Threoir (AE) 2016/680 maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus beidh tacar aonair comhchuibhithe rialacha ann mar thoradh orthu i gcás na bpáirtithe uile dá ndéantar difear chun ilroinnt a laghdú agus chun comhsheasmhacht na rialacha a chuirtear i bhfeidhm a áirithiú.

**Deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú**

Faoi láthair, níl forálacha ann i gCaibidil IX maidir le roinnt gnéithe tábhachtacha, lena n-áirítear ról na nOifigeach Cosanta Sonraí (OCSanna), coinneáil taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála, comhar idir údaráis mhaoirseachta, agus aistriú idirnáisiúnta sonraí pearsanta oibríochtúla. Is é is aidhm don togra na rialacha a chomhdhlúthú in aon áit amháin, agus comhlíonadh á chuíchóiriú gan tionchar suntasach oibríochtúil a bheith ann. Soláthróidh sé sin soiléireacht níos mó freisin do rialaitheoirí, do phróiseálaithe agus d'ábhair sonraí.

**Cumhachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a chuíchóiriú**

Faoi láthair, rialaítear cumhachtaí maoirseachta MECS i ngníomhartha bunaidh Europol, Eurojust agus OIPE, a bhfuil forálacha éagsúla i ngach ceann acu, rud a leanann éiginnteacht agus neamhéifeachtúlachtaí as. Ní dhéantar maoirseacht MECS a rialáil le gníomh bunaidh Frontex a mhéid a bhaineann le sonraí oibríochtúla a phróiseáil, rud a fhágann go bhfuil míréir thábhachtach ann.

Leis an togra, féachtar lena shoiléiriú go ndeonaítear cumhachtaí maoirseachta do MECS ar cumhachtaí iad atá i gcomhréir leo siúd faoi Airteagal 58 EUDPR, ach atá oiriúnaithe do chomhthéacs na próiseála sonraí oibríochtúla, go háirithe i gcás OIPE i gcomhthéacs gníomhaíochtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh. Ina leith sin, leanann an togra samhail chumhachtaí MECS ó thráth athchóirithe Europol in 2022 agus comhsheasmhacht le Caibidil VI de EUDPR agus leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED) á háirithiú ag an am céanna. Leis an togra, déantar forálacha a bhaineann go sonrach le gníomhaireacht maidir le cúraimí agus cumhachtaí MECS a bhaint as gníomhartha bunaidh.

**Cuíchóiriú ginearálta**

Ar deireadh, is é is aidhm don togra forálacha a chuíchóiriú chun deireadh a chur le hiomarcaíochtaí, dúbluithe agus neamhréireachtaí i réimse na cosanta sonraí i gcás chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí CGB an Aontais agus i gcás gníomhaireachtaí le linn gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 agus Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE á gcomhall. Déanann sé na forálacha maidir le próiseáil sonraí oibríochtúla a ailíniú freisin leis an togra le haghaidh Omnibus Digiteach[1], nuair is ábhartha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra forálacha EUDPR a ailíniú le beartais cosanta sonraí atá ann cheana, rud a athneartóidh na prionsabail a bhunaítear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus sa Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí. Áirithítear leis ailíniú le leasuithe ar an gcreat cosanta sonraí ar leasuithe iad a mholtar faoin Omnibus Digiteach, nuair is ábhartha.

[1] Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach), 19.11.2025, COM(2025)837 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra mar chuid de phacáiste tionscnamh ceartais choiriúil lena saothraítear cuspóir comhleanúnach comhlántach: acmhainneacht an Aontais a neartú chun coireacht thromchúiseach trasteorann a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh i dtimpeallacht slándála atá ag éirí níos casta. Trí nuachóiriú a dhéanamh ar na creataí dlíthiúla lena rialaítear comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus údaráis ábhartha eile, féachtar leis an bpacáiste le héifeachtacht, comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht ailtireacht slándála inmheánaí an Aontais a threisiú.

Is iad na hathbhreithnithe atá beartaithe ar Rialacháin Europol agus Eurojust croílár na hiarrachta sin. Comhlíonann Europol agus Eurojust feidhmeanna atá éagsúil ach comhlántach laistigh den Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais: cé go dtacaíonn Europol le gníomhaíochtaí coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, éascaíonn Eurojust comhar breithiúnach agus áirithíonn sé obair leantach ionchúisimh agus bhreithiúnach éifeachtach. Dá bhrí sin, is é is aidhm don phacáiste comhar agus comhlántacht a neartú idir an dá ghníomhaireacht, agus le gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais i réimsí an Cheartais agus Gnóthaí Baile agus na hAiltireachta Frithchalaoise, d’fhonn leanúnachas rianúil a áirithiú idir gníomhaíocht forfheidhmithe dlí agus obair leantach bhreithiúnach ag gach céim de shlabhra an cheartais choiriúil.

Sa chomhthéacs sin, rannchuidíonn na leasuithe ar chreat an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh agus ar an togra seo a thuilleadh leis an gcuspóir sin trí chomhar éifeachtach trasteorann a éascú, trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh malartú faisnéise agus trí chreat dlíthiúil comhleanúnach a áirithiú atá curtha in oiriúint do réaltachtaí oibríochtúla agus d’fhorbairtí teicneolaíochta. I dteannta a chéile, leis na bearta a mholtar sa phacáiste seo, cuirfear feabhas ar chumas an Aontais freagairt do bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn agus cearta bunúsacha, an smacht reachta agus roinnt na bhfreagrachtaí idir na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

Go háirithe, sainaithnítear sa togra seo ainmneoirí coiteanna uile na rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le Europol agus Eurojust, agus déantar iad a athghrúpáil in EUDPR, rud a chuireann deireadh le hilroinnt agus dúbailt. Fágann sé sin gur féidir le gníomhartha bunaidh chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil gan ach na rialacha saincheaptha sin maidir le cosaint sonraí a choinneáil ar bun, ar rialacha iad a forbraíodh chun a riachtanais oibríochtúla shonracha agus a gcineál sonrach faoi seach a léiriú.

Glactar an togra i gcomhthráth leis na hathbhreithnithe ar Rialacháin Europol agus Eurojust, rud a áirithíonn comhleanúnachas agus ailíniú ar fud na gcreataí dlíthiúla faoi seach. Samhlaítear freisin sa togra cad a bheidh i gceist leis an athbhreithniú atá le déanamh go luath ar ghníomh bunaidh OIPE, is é sin Rialachán (AE) 2017/1939[(2)], agus forbairtí air amach anseo á gcur san áireamh agus gan dochar don mheasúnú ar na roghanna ionchasacha beartais maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán OIPE. Rannchuidíonn an cur chuige comhordaithe sin le creat cuimsitheach comhsheasmhach chun sonraí oibríochtúla a phróiseáil ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

(2) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lgh. 1–71, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj)

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Ceart bunúsach a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta.

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 16 CFAE, arb é an bunús dlí é maidir le rialacha cosanta sonraí a ghlacadh. Leis an Airteagal seo, ceadaítear rialacha a ghlacadh maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nuair a bheidh gníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais. Ceadaítear leis freisin rialacha a ghlacadh a bhaineann le saorghluaiseacht sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag na hinstitiúidí, ag na comhlachtaí, ag na hoifigí agus ag na gníomhaireachtaí sin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach

- **An rogha ionstraime**

Neamhbhainteach

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa chéad tuarascáil ón gCoimisiún in 2022, ar chur i bhfeidhm EUDPR, thángthas ar an gconclúid go bhfuil EUDPR, ar an iomlán, ag feidhmiú go maith agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Ag an am céanna, sainaithníodh ann an gá atá le hidirghabháil reachtach chun ilroinnt na rialacha maidir le cosaint sonraí a íoslaghdú i gcás institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a phróiseálann sonraí pearsanta oibríochtúla le linn gníomhaíochtaí a chomhall a thagann faoi raon feidhme an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (Caibidil IX de EUDPR, an 'chaibidil maidir le forfheidhmiú an dlí').

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh comhairliúcháin spriocdhírithe scairshealbhóra leis na heintitis uile atá faoi réir Chaibidil IX EUDPR amach anseo (i.e. Europol, Eurojust, OIPE, Frontex), a bheidh faoina réir amach anseo, agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chomh maith, ó tharla gurb é an Maoirseoir sin atá i gceannas ar mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Ní mheastar go bhfuil measúnú tionchair iomchuí don tionscnamh seo mar gheall ar a raon feidhme teoranta agus mar gheall ar cineál na leasuithe atá beartaithe ar leasuithe teicniúla iad den chuid is mó. Tá an togra dírithe ar fhorálacha sonracha de EUDPR, nach ndéanann difear ach do ghrúpa beag eintiteas AE i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus i réimse an chomhair póilíneachta, gan an creat foriomlán a athrú. Is é is aidhm do na

hathruithe córas comhchuibhithe níos fearr a áirithiú agus níl aon roghanna beartais nua i gceist leo, agus meastar go mbeidh tionchar fíorbheag neamh-inchainníochtúil acu ar chearta bunúsacha, agus nach mbeidh aon impleachtaí eacnamaíocha, sóisialta ná comhshaoil acu. De bhreis air sin, tá na gníomhaireachtaí ábhartha faoi réir meastóireachtaí agus measúnuithe tionchair ar leithligh cheana féin, lena n-áirítear maidir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir leo. Dhéanfaí an cleachtas sin a dhúbailt dá mbeadh measúnú ar leithligh ann ar EUDPR. Tá an togra ailínithe leis an ngealltanas a thug an Coimisiún roimhe seo ina chéad tuarascáil ar chur i bhfeidhm EUDPR in 2022 agus tá sé beartaithe meastóireacht eile a dhéanamh ar EUDPR in 2027. Ar deireadh, níl ábhair imní ann maidir le coimhdeacht ós rud é go bhfuil feidhm ag EUDPR go heisiach maidir le comhlachtaí de chuid an Aontais nach féidir leis na Ballstáit rialáil a dhéanamh orthu.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra, comhchuibhítear agus simplítear na rialacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus an cheartais choiriúil. Trí na rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú, feabhsaítear soiléireacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht ar fud an chreata institiúidigh agus, ar an dóigh sin, éascaítear cur i bhfeidhm na rialacha sin agus laghdaítear an chastacht riaracháin a bhaineann leo. Cé nach féidir na tairbhí a chainníochtú go héasca, meastar go laghdóidh an togra na costais chomhlíontachta agus na hualaí riaracháin a bhaineann le dul i ngleic le ceanglais éagsúla nó fhorluiteacha. Tacaíonn an togra freisin le forbairt aon sásra malartaithe idirghníomhaithe a ndéantar breithniú ina leith i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Ollstruchtúr Frithchalaoise.

- **Cearta bunúsacha**

Mar gheall ar chineál spriocdhírithe na n-athruithe, áirithítear go ndéantar an leibhéal cosanta sonraí atá ann cheana a choimeád ar bun agus, ag an am céanna, foráil á déanamh maidir le feabhsuithe a mhéid a bhaineann le comhsheasmhacht na rialacha is infheidhme agus le comhchuibhiú breise.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1, cumhdaítear leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

Cuirtear mír (1) in ionad mhír 2 d’Airteagal 2 agus leathnaítear léi raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagail 43, 44, 45, agus Chaibidlí VII agus VIII de Rialachán (AE) 2018/1725 chuig próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ach sin gan dochar do rialacha sonracha cosanta sonraí is infheidhme maidir le comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais. Scriostar léi freisin mír 3 d’Airteagal 2

agus, ar an dóigh sin, leathnaítear cur i bhfeidhm EUDPR chuig OIPE, gan an bonn a bhaint, áfach, den ghá le rialacha sonracha cosanta sonraí a choinneáil i Rialachán OIPE, ar rialacha iad lena gcuirtear san áireamh cineál ar leith OIPE mar údarás neamhspleách imscrúdaitheach agus ionchúiseach an Aontais.

Déantar foráil le mír (2) maidir le coigeartuithe teicniúla ar fhoclaíocht Airteagal 45 maidir le cúraimí an Oifigigh Cosanta Sonraí, agus áirithítear léi go gcumhdaítear próiseáil sonraí oibríochtúla leis na cúraimí sin freisin.

Áirithítear le mír (3) go mbaineann cumhacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí faoi Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun fíneálacha riaracháin a fhorchur le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla freisin ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

Le mír (4), scriostar Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2018/1725, atá imithe i léig i bhfianaise shainiú na bhforálacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí oibríochtúla in Airteagal 2(2).

Le mír (5), leasaítear Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun ailíniú leis an togra le haghaidh Omnibus Digiteach a áirithiú agus chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, trína shonrú go bhfuil cinntí atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta oibríochtúla amháin incheadaithe i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha sonracha.

Le mír (6), leasaítear Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun ailíniú leis an togra le haghaidh Omnibus Digiteach a áirithiú trí choincheap na n-iarrataí droch-úsáide a shoiléiriú i gcomhthéacs an chirt rochtana. Go háirithe, sonraítear ann go bhféadfar a mheas go bhfuil iarraidh go follasach gan bhunús i gcás ina mbraitheann an t-ábhar sonraí ar an gceart rochtana chun críoch seachas a shonraí a chosaint. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an rialaitheoir diúltú gníomhú de bhun na hiarrata, ach beidh sé fós faoi réir na hoibleagáide chun a thaispeáint gur follasach go bhfuil an iarraidh gan bhunús nó iomarcach.

Le mír (7), tugtar isteach Airteagal 87a nua i Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le taifid a choinneáil le haghaidh sonraí pearsanta oibríochtúla, i gcomhréir le rialacha LED.

Le míreanna (8) agus (9). cuirtear coimircí breise le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le logáil.

Le mír (10), leasaítear Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 chun ailíniú leis an togra le haghaidh Omnibus Digiteach a áirithiú tríd an spriocdháta chun fógra a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi shárú ar sonraí pearsanta a fhadú ó 72 uair an chloig go 96 huaire an chloig. Déantar an tairseach fógartha a ardú léi freisin trína fhoráil nach gceanglaítear fógra a thabhairt ach amháin i gcás inar dócha go mbeidh an sárú ar sonraí ina chúis le hardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha.

Le míreanna (11) agus (12), déantar cuíchóiriú ar an gcreat dlíthiúil lena rialaítear aistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, trína n-ailíniú leis an gcreat atá curtha ar bun le Treoir (AE) 2016/680. Soláthraíonn na leasuithe sraith aonfhoirmeach rialacha is infheidhme maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus an cheartais choiriúil, agus a gcomhthéacs sonrach oibríochtúil agus dlíthiúil á chur san áireamh, lena n-áirítear comhaontuithe comhair. Foráiltear leo go gceadaítear aistrithe chuig tíortha a bhfuil cinneadh leordhóthanachta acu gan tuilleadh údaraithe; in éagmais cinneadh leordhóthanachta, ceadaítear aistrithe má tá coimircí iomchuí i bhfeidhm trí ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí, nó trí mheasúnú ó rialaitheoir; agus i gcásanna sonracha nach ann do chinneadh leordhóthanachta ná do choimircí iomchuí, tá feidhm ag maoluithe áirithe. Ar deireadh, déantar foráil leo freisin maidir le haistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla chuig faighteoirí nach údaráis inniúla iad atá bunaithe i dtríú tíortha i gcásanna sonracha ar

choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear iontu, lena n-áirítear nuair a d'fhéadfadh sé go bhfuil teagmháil le húdarás inniúil i dtríú tír neamhéifeachtach nó míchuí agus go bhfuil géarghá leis an aistriú chun cúraimí an rialaitheora a fheidhmiú.

Le mír (13), déantar cuíchóiriú ar chumhachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla le haghaidh chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus an cheartais choiriúil, i gcomhréir le cumhachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí is infheidhme maidir le Europol amhail ó 2022.

Soiléirítear in Airteagal 2 cathain a thagann forálacha nua i bhfeidhm.

2026/0173 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 16(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Ráthaítear an ceart sin freisin faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

(2) Bunaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] creat dlíthiúil maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Mar sin féin, tá na rialacha cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le linn gníomhaíochtaí, ar rialacha iad a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE, leagtha síos fós ar mhodh ilroinnte idir Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/17/25 agus gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais. Le hAirteagal 98 den Rialachán sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, d'fhonn neamhréireachtaí, bearnaí agus díbhéirseachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Foráiltear leis freisin go ndéanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, aghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta trí bhíthin togra reachtach, go háirithe chun cur i bhfeidhm Chaibidil IX a leathnú chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bunaíodh le

(1) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[(2)], de réir mar is iomchuí, agus chun na hoiriúnuithe is gá ar an gCaibidil sin a thabhairt isteach. Ina chéad tuarascáil ar chur i bhfeidhm maidir le Rialachán (AE) 2018/1725, dheimhnigh an Coimisiún éifeachtacht fhoriomlán an Rialacháin maidir le hardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú agus béim á leagan, ag an am céanna, ar roinnt neamhréireachtaí, ar dhíbhéirseachtaí agus ar ilroinnt dhlíthiúil a éiríonn as an idirghníomhaíocht idir Caibidil IX agus forálacha eile Rialachán (AE) 2018/1725 agus, chomh maith leis sin, as córas neamhspleách cosanta sonraí a bheith ann do OIPE.

(3) Faoi láthair, níl feidhm ach ag Airteagal 3 agus Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, mar aon le roinnt rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a leagtar síos i ngníomhartha bunaidh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust). Ag an am céanna, tá a chóras cosanta sonraí neamhspleách féin ag OIPE ina ghníomh bunaidh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1725 a leasú chun cur i bhfeidhm Chaibidil IX de a leathnú chuig comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais a phróiseálann sonraí pearsanta oibríochtúla in earnáil fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa chóras cosanta sonraí atá ann faoi láthair, go háirithe i gcás na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta agus chun na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta agus, chomh maith leis sin. na rialacha maidir le cumhachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, a chuíchóiriú. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht chun na rialacha sonracha cosanta sonraí is gá a choimeád ar bhun, i Rialachán (AE) 2017/1939, chun cineál uathúil OIPE, mar oifig ionchúisitheora phoiblí neamhspleách an Aontais, a léiriú.

(4) Chun creat dlíthiúil comhchuibhithe, comhsheasmhach, simplithe agus iomlán a chruthú ar mhaithe le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag na sainmhínithe (Caibidil I), ag na rialacha maidir le hoifigigh cosanta sonraí (Roinn 6 de Chaibidil IV), ag na rialacha maidir le comhar agus comhsheasmhacht (Caibidil VII), ag na rialacha maidir le leigheasanna, dliteanas agus pionóis (Caibidil VIII) agus ag na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla (ar cheart iad a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(3)] – Caibidil IX) atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nuair atá gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE á gcomhall acu. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin i gcás ina ndéanann siad gníomhaíochtaí den sórt sin a fheidhmiú chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, seachas maidir le Caibidil IX de Rialachán (AE) 2018/1725 amháin. Ba

---

(2) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

(3) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

cheart feidhm a bheith ag rialacha Rialachán (AE) 2018/1725 gan difear a dhéanamh do na rialacha sonracha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nuair atá gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE á gcomhall acu, go háirithe na rialacha a leagtar síos i ngníomhartha bunaidh Europol, Eurojust agus OIPE. Ba cheart rialacha sonracha den sórt sin a mheas mar *lex specialis* a ghabhann le forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil.

(5) Ba cheart d'oifigeach cosanta sonraí laistigh d'institiúidí agus de chomhlachtaí uile an Aontais a áirithiú go ndéantar na rialacha uile maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2018/1725, a chur i bhfeidhm. Ba cheart d'oifigigh comhairle a thabhairt do rialaitheoirí agus ar phróiseálaithe freisin maidir lena n-oibleagáidí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú agus dúblú a chosc, in ábhair a bhaineann le sonraí pearsanta riaracháin agus oibríochtúla araon, níor cheart ach aon sraith amháin rialacha a bheith ann i cás oifigigh cosanta sonraí.

(6) Ba cheart, mar rogha dheiridh, cumhacht a bheith ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun fíneálacha riaracháin a fhorchur, lena n-áirítear mar gheall ar chomhlachtaí, ar oifigí agus at ghníomhaireachtaí an Aontais, atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil, do phróiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla.

(7) Chun dúblú a sheachaint laistigh de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart Airteagal 70 de a scriosadh, ós rud é go rialaítear raon feidhme Chaibidil IX cheana féin in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1725.

(8) Chun an t-ailíniú le Rialachán (AE).../... [*an togra le haghaidh Omnibus Digiteach*] a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú in Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2018/1725 go gceadaítear cinntí atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta oibríochtúla amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha sonracha.

(9) Chun an t-ailíniú le Rialachán (AE).../... [*an togra le haghaidh Omnnibus Digiteach*] a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú in Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2018/1725 nár cheart droch-úsáid a bhaint as an gceart rochtana, atá fabhrach ón tús d'ábhair shonraí, sa chiall go mbaineann na hábhair shonraí droch-úsáid astu chun críoch seachas a gcuid sonraí a chosaint.

(10) Chun comhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 a thaispeáint, ba cheart rialacha aonfhoirmeacha a bheith ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil maidir le taifid a choimeád maidir le gach catagóir gníomhaíochtaí próiseála atá faoina bhfreagracht. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar gach rialaitheoir agus an próiseálaí dul i gcomhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na taifid sin a chur ar fáil don údarás, arna iarraidh sin dó, le go bhféadfaí iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar na hoibríochtaí próiseála sin.

(11) Níor cheart do chomhlachtaí, d'oifigí agus do gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a bheith in ann logaí a mhodhnú. I gcás ina bhfaigheann comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais sonraí pearsanta oibríochtúla ó údaráis inniúla náisiúnta, ba cheart do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais na logaí a chur in iúl do na húdaráis sin, nuair atá gá leo ar mhaithe le himscrúduithe inmheánacha maidir le comhlíonadh i leith cosaint sonraí.

(12) Chun an t-ailíniú le Rialachán (AE).../... [*an togra le haghaidh Omnibus Digiteach*] a áirithiú, ba cheart an tairseach a bheith níos airde agus ba cheart fadú a chur le sprioc-am maidir le fógra a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoi shárú ar shonraí pearsanta.

(13) Ba cheart do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile de chuid an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil tairbhiú de thacar aonfhoirmeach rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta oibríochtúla atá ailínithe le Treoir (AE) 2016/680.

(14) Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, faoi Airteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680, go bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta ar shonraí á thairiscint ag tríú tír, ag críoch nó ag earnáil shonraithe i dtríú tír, nó ag eagraíocht idirnáisiúnta. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig an tríú tír sin nó chuig an eagraíocht idirnáisiúnta sin gan gá aon údarú breise a fháil.

(15) Níor cheart aistrithe nach bhfuil bunaithe ar chinneadh leordhóthanachta den sórt sin a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil coimircí iomchuí curtha ar fáil in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena n-áirithítear cosaint sonraí pearsanta nó i gcás ina bhfuil measúnú déanta ag an rialaitheoir ar na himthosca go léir a bhaineann leis an aistriú sonraí agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ina measann sé go bhfuil coimircí iomchuí ann maidir le cosaint sonraí pearsanta. D'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist le hionstraimí den sórt sin atá ceangailteach ó thaobh dlí, mar shampla, comhaontuithe comhair idir Eurojust agus tríú tír arna dtabhairt i gcrích roimh an 12 Nollaig 2019 i gcomhréir le hAirteagal 26a de Chinneadh 2002/187/CGB, comhaontuithe comhair idir Europol agus tríú tír arna dtabhairt i gcrích roimh an 1 Bealtaine 2017 i gcomhréir le hAirteagal 23 de Chinneadh 2009/371/CGB, nó comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír de bhun Airteagal 218 CFAE.

(16) I gcás nach ann do chinneadh leordhóthanachta ná do choimircí iomchuí, d'fhéadfaí aistriú nó catagóir aistrithe a dhéanamh de mhaolú i gcásanna sonracha. Ba cheart maoluithe a léirmhíniú ar bhealach sriantach agus níor cheart aistrithe tráthrialta, ollmhóra agus struchtúracha sonraí pearsanta, ná aistrithe mórscála sonraí, a cheadú leo, ach ba cheart iad a bheith teorannaithe do shonraí atá fíor-riachtanach. Ba cheart na haistrithe sin a dhoiciméadú agus ba cheart iad a chur ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an aistrithe.

(17) I gcásanna sonracha ar leithligh, d'fhéadfadh na gnáthnósanna imeachta lena gceanglaítear teagmháil a dhéanamh le húdarás inniúil i dtríú tír a bheith neamhéifeachtach nó míchuí, go háirithe toisc nach bhféadfaí an t-aistriú a dhéanamh go tráthúil, nó toisc nach n-urramaíonn an t-údarás sin sa tríú tír an smacht reachta nó noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuil géarghá le sonraí pearsanta a aistriú chuig cuideachta phríobháideach i dtríú tír chun faisnéis a fháil faoi dhéantóir anaithnid coire ar líne, nó chun beatha duine a shábháil atá i mbaol a bheith ina íospartach ciona choiriúil, nó ar mhaithe le coir atá ar tí tarlú a chosc, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht. I gcásanna den sórt sin, faoi choinníollacha sonracha, d'fhéadfadh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a chinneadh sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú go díreach chuig faighteoirí nach údaráis inniúla iad, atá bunaithe sna tríú tíortha sin.

(18) Ba cheart tacar aonfhoirmeach cumhachtaí a bheith ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar tacar é is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais atá gníomhach i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an cheartais choiriúil. Tá cumhachtaí den sórt sin infheidhme cheana féin maidir le Europol ó bhí 2022 ann, mar shampla, ordú a thabhairt don rialaitheoir sonraí comhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú, ordú a thabhairt sreafaí sonraí chuig faighteoir i mBallstát, i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta a chur ar fionraí, nó fíneáil riaracháin a fhorchur i gcás neamhchomhlíonadh de réir a ordaithe.

(19) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an XX XX 2026.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1725**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1725 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ach ag Airteagail 3, 43, 44, 45 agus ag Caibidlí VII, VIII agus IX den Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nuair atá gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Chaibidil 4 nó Chaibidil 5 de Theideal V de Chuid a Trí CFAE á gcomhall acu, gan difear a dhéanamh do rialacha sonracha cosanta sonraí is infheidhme maidir le comhlacht, oifig nó gníomhaireacht den sórt sin de chuid an Aontais.’

(b) scriostar mír 3;

2. in Airteagal 45(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí d), e) agus (f):

‘ d) comhairle a chur ar fáil nuair a iarrtar sin i ndáil leis an ngá atá le fógra a thabhairt nó a chur in iúl gur tharla sárú i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 34 agus Airteagal 35 nó Airteagail 92 agus 93;

e) comhairle a thabhairt nuair a iarrtar sin maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht de bhun Airteagal 39 nó Airteagal 89 agus dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás amhras faoin ngá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí;

f) comhairle a thabhairt i gcás ina n-iarrtar sin maidir leis an ngá atá le comhairliúchán roimh ré a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 40 nó Airteagal 90; dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcás amhrais faoin ngá le comhairliúchán roimh ré;'

3. in Airteagal 66(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘1. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí fíneálacha riaracháin a ghearradh ar institiúidí agus ar chomhlachtaí de chuid an Aontais, ag brath ar imthosca gach cáis faoi leith, i gcás nach gcomhlíonann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais ordú ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun

Airteagal 58(2), pointí (d) go (h) agus (j), de bhun Airteagal 95a(3), pointí (c), (e), (f), (j) agus (k).'

4. Scriostar Airteagal 70.

5. In Airteagal 77, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní fhéadfar cinneadh a n-éiríonn éifeachtaí dlíthiúla dá bharr d'ábhar sonraí nó a dhéanann difear suntasach comhchosúil dó a bhunú ar phróiseáil uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, amháin ach amháin i gcás ina n-údaraítear an cinneadh sin le dlí an Aontais a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena leagtar síos bearta oiriúnacha freisin chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, ar a laghad an ceart chun idirghabháil dhaonna a fháil ar thaobh an rialaitheora de.'

6. In Airteagal 78, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfidh an rialaitheoir an fhaisnéis faoi Airteagal 79 agus aon chumarsáid nó aon ghníomh a dhéanfar de bhun Airteagal 80 go Airteagal 84 agus Airteagal 92 ar fáil saor in aisce. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí ó ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad atriallach nó, i gcás iarrataí faoi Airteagal 80 i gcás ina mbaineann an t-ábhar sonraí mí-úsáid as an gceart rochtana chun críoch eile seachas chun a shonraí a chosaint, féadfaidh an rialaitheoir diúltú gníomhú de bhun na hiarrata. Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a léiriú go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil sí iomarcach.'

7. cuirtear isteach an tAirteagal 87a seo a leanas:

'Airteagal 87a

Taifid ar chatagóirí gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta oibríochtúla

1. Coimeádfaidh gach rialaitheoir taifead ar chatagóirí uile na ngníomhaíochtaí próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta oibríochtúla atá faoina fhreagracht. Áireofar an fhaisnéis uile seo a leanas sa taifead sin:

(a) mionsonraí teagmhála an rialaitheora agus ainm agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí, agus, i gcás inarb infheidhme, mionsonraí teagmhála an rialaitheora chomhpháirtigh;

(b) críocha na próiseála;

(c) na catagóirí faighteoirí ar nochtadh na sonraí pearsanta dóibh nó a nochtfar na sonraí pearsanta dóibh, lena n-áirítear páirtithe príobháideacha, agus faighteoirí i dtríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) tuairisc ar na catagóirí ábhar sonraí agus ar na catagóirí sonraí pearsanta;

(e) i gcás inarb infheidhme, próifíliú a úsáid;

(f) i gcás inarb infheidhme, na catagóirí aistrithe sonraí pearsanta chuig páirtí príobháideach, chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta;

(g) léiriú ar bhunús dlí na hoibríochta próiseála, lena n-áirítear aistrithe, ar chuici nó chucu atá na sonraí pearsanta beartaithe;

(h) i gcás inar féidir, na teorainneacha ama atá beartaithe chun catagóirí éagsúla sonraí a léirscriosadh;

(i) más féidir, cur síos ginearálta ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 91(1).

2. Coimeádfaidh an próiseálaí taifead ar na catagóirí uile gníomhaíochtaí próiseála, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar thar ceann an rialaitheora agus áireofar an méid seo a leanas sa taifead sin:

(a) mionsonraí teagmhála an phróiseálaí nó na bpróiseálaithe, i gcás gach rialaitheora a bhfuil an próiseálaí ag gníomhú thar a cheann agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí;

(b) catagóirí na próiseála a rinneadh thar ceann gach rialaitheora;

(c) i gcás inarb infheidhme, aistrithe sonraí pearsanta chuig páirtí príobháideach, chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, i gcás ina dtugann an rialaitheoir treoir shainráite chun déanamh amhlaidh, lena n-áirítear an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin a shainaithint;

(d) más féidir, tuairisc ghinearálta ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 91(1).

3. Is i scríbhinn, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach, a bheidh na taifid dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2. Cuirfidh an rialaitheoir agus an próiseálaí na taifid sin ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.'

8. in Airteagal 88(1), cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Ní bheidh sé indéanta logaí a mhodhnú.'

9. in Airteagal 88(3), cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Má cheanglaíonn an t-údarás inniúil náisiúnta amhlaidh i gcás imscrúdú sonrach a bhaineann le rialacha cosanta sonraí a chomhlíonadh, cuirfear na logaí dá dtagraítear i mír 1 in iúl don údarás sin.'

10. In Airteagal 92, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dócha go mbeadh ardriosca ann dá bharr do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, tabharfaidh an rialaitheoir fógra faoin sárú sin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb indéanta, tráth nach déanaí ná 96 uair an chloig tar éis dó fáil amach faoi. I gcás nach dtugtar an fógra sin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh de 96 uair an chloig, gabhfaidh na cúiseanna a bhí leis an moill leis an bhfógra.'

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 94:

'Airteagal 94

Prionsabail ghinearálta maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta

1. Féadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, faoi réir chomhlíonadh na rialacha sonraí cosanta is infheidhme agus fhorálacha eile an Rialacháin seo, agus sin ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is gá an t-aistriú a dhéanamh chun cúraimí an rialaitheora a chomhlíonadh;

(b) aistrítear na sonraí pearsanta oibríochtúla chuig údarás an tríú tír nó chuig an eagraíocht idirnáisiúnta atá inniúil i bhforfheidhmiú an dlí nó in ábhair cheartais choiriúla;

(c) i gcás na sonraí pearsanta oibríochtúla atá le haistriú a bheith tarchurtha chuig an rialaitheoir, nó a bheith tugtha don rialaitheoir, ag Ballstát nó ag comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an Aontais, gheobhaidh an rialaitheoir réamhúdarú le haghaidh an aistrithe ó údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit sin nó ón gcomhlacht, ó oifig agus ón ngníomhaireacht de chuid an Aontais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, mura rud é gur údaraigh an Ballstát sin nó an comhlacht, an oifig agus an ghníomhaireacht sin de chuid an Aontais aistrithe den sórt sin i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha;

(d) i gcás ina ndéanann tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta na sonraí a aistriú ar aghaidh chuig tríú tír eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile, cuirfidh an rialaitheoir de cheangal ar an tríú tír nó ar an eagraíocht idirnáisiúnta a réamhúdarú a lorg air don aistriú ar aghaidh sin;

(e) ní dhéanfaidh an rialaitheoir údarú faoi phointe (d) a sholáthar ach amháin le réamhúdarú an Bhallstáit nó an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais arb as na sonraí sin, i gcás inarb infheidhme, tar éis dó aird chuí a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, lena n-áirítear a thromchúisí atá an cion coiriúil, an chríoch a bhain le haistriú na sonraí pearsanta oibríochtúla ar an gcéad dul síos agus an leibhéal cosanta do shonraí pearsanta sa tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ar aistríodh sonraí pearsanta oibríochtúla ar aghaidh chuici.

2. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagail 94a, 94b, 94c nó 94d.

3. Gan difear a dhéanamh d'Airteagal 94c, féadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig údarás inniúil tíre atá comhlachaithe le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar tír í a chuir forálacha Threoir (AE) 2016/680, agus na forálacha maidir le malartú faisnéise a leagtar síos i dTreoir (AE) 2023/977, chun feidhme agus a chuireann i bhfeidhm go héifeachtach iad.

4. Féadfaidh an rialaitheoir, i gcásanna práinneacha, sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú gan údarú roimh ré ó Bhallstát nó ó chomhlacht, ó oifig agus ó ghníomhaireacht de chuid an Aontais i gcomhréir le mír 1, pointe (c). Ní dhéanfaidh an rialaitheoir amhlaidh ach amháin má tá gá le haistriú na sonraí pearsanta oibríochtúla chun bagairt thromchúiseach láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír nó na leasanna fíorthábhachtacha Bhallstáit chosc agus i gcás nach féidir an réamhúdarú a fháil in am is i dtráth. Cuirfear an t-údarás atá freagrach as réamhúdarú a thabhairt ar an eolas gan mhoill.

5. Cuirfear na forálacha uile maidir le haistrithe idirnáisiúnta sa Chaibidil seo i bhfeidhm lena áirithiú nach mbaintear an bonn den leibhéal cosanta do dhaoine nádúrtha a ráthaítear leis an Rialachán seo.'

12. cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 94a

Aistrithe ar bhonn cinneadh leordhóthanachta

Féadfaidh an rialaitheoir na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 36 de Treoir (AE) 2016/680 go bhfuil leibhéal

leordhóthanach cosanta á áirithiú ag an tríú tír, ag an gcríoch nó ag earnáil shonraithe amháin nó níos mó sa tríú tír sin, nó ag an eagraíocht idirnáisiúnta atá i gceist.

Airteagal 94b

Aistrithe faoi réir coimircí iomchuí

1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, féadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta i gcás:

(a) go ndéantar foráil in ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le coimircí iomchuí i dtaca le cosaint sonraí pearsanta oibríochtúla;

(b) nó tá measúnú déanta ag an rialaitheoir ar na himthosca uile a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta oibríochtúla agus cinneann sé gur ann do choimircí iomchuí maidir le cosaint sonraí pearsanta oibríochtúla.

2. Is é a bheidh san ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí faoi mhír 1, pointe (a):

(a) comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas cosaint sonraí agus cearta agus saoirsí eile bunúsacha daoine aonair a chosaint;

(b) rinneadh comhaontú comhair a thabhairt i gcrích lena dtugtar cead sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú roimh an 12 Nollaig 2019 idir Eurojust agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 26a de Chinneadh 2002/187/CGB; nó

(c) tugadh comhaontú comhair i gcrích lena dtugtar cead sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú roimh an 1 Bealtaine 2017 idir Europol agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 23 de Chinneadh 2009/371/CGB.

3. Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais socruithe oibre a dhéanamh chun módúlachtaí a leagan amach chun na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme.

4. Cuirfidh an rialaitheoir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi chatagóirí aistrithe faoi mhír 1, pointe (b).

5. I gcás ina bhfuil aistriú bunaithe ar mhír 1, pointe (b), déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin. Áireofar sa doiciméadacht taifead ar dháta agus am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil glactha, faoin mbonn cirt a bhí leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistríodh.

Airteagal 94c

Maoluithe i gcásanna sonracha

1. In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí de bhun Airteagal 94b, ní fhéadfaidh an rialaitheoir sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ar an gcoinníoll go bhfuil an t-aistriú riachtanach:

(a) chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine eile a chosaint;

(b) chun leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a choimirciú;

(c) chun bagairt thromchúiseach agus láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit nó tríú tír a chosc;

(d) nó i gcásanna aonair chun cúraimí an rialaitheora a fheidhmiú, mura gcinnfidh an rialaitheoir go sáraíonn cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí lena mbaineann leas an phobail san aistriú.

2. I gcás ina mbunaítear aistriú ar mhír 1, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin. Áireofar sa doiciméadacht taifead ar dháta agus am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil glactha, faoin mbonn cirt a bhí leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistríodh.

Airteagal 94d

Sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha

1. De mhaolú ar Airteagal 94(1), pointe (b), agus gan difear a dhéanamh d'aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh an rialaitheoir, i gcásanna ar leithligh agus i gcásanna sonracha, sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú go díreach chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú tíortha ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil géarghá leis an aistriú chun cúraimí an rialaitheora a chomhlíonadh, ar ina leith a cheadaítear sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil;

(b) go gcinneann an rialaitheoir nach sáraíonn aon chearta bunúsacha ná saoirsí bunúsacha de chuid an ábhair sonraí lena mbaineann leas an phobail a bhfuil gá ann dá mbarr an t-aistriú a dhéanamh sa chás atá idir lámha;

(c) go measann an rialaitheoir go bhfuil an t-aistriú chuig údarás inniúil sa tríú tír neamhéifeachtach nó míchuí, go háirithe toisc nach féidir an t-aistriú a bhaint amach in am trátha;

(d) go gcuirtear an t-údarás inniúil sa tríú tír ar an eolas gan moill mhíchuí, mura rud é go bhfuil sé sin neamhéifeachtach nó míchuí;

(e) go gcuireann an rialaitheoir an faighteoir ar an eolas faoin gcríoch shonraithe nó faoi na críocha sonraithe ar chuici nó chucu amháin atá na sonraí pearsanta oibríochtúla le próiseáil ag an bhfaighteoir, ar choinníoll go bhfuil gá leis an bpróiseáil sin.

2. Is é a bheidh i gcomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1 comhaontú idirnáisiúnta déthaobhach nó iltaobhach atá i bhfeidhm idir an tAontas agus tríú tíortha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla agus i réimse an chomhair póilíneachta.

3. I gcás ina bhfuil aistriú bunaithe ar mhír 1, déanfar aistriú den sórt sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin, lena n-áirítear dáta agus am an aistrithe, agus faisnéis faoin údarás inniúil glactha, faoin mbonn cirt leis an aistriú agus faoi na sonraí pearsanta oibríochtúla a aistrítear.'

13. cuirtear isteach an tAirteagal 95a seo a leanas:

'Airteagal 95a

Maoirseacht arna déanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le cosaint ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus as a áirithiú go gcuirtear na forálacha sin i bhfeidhm, agus as comhairle a thabhairt dóibh agus d'ábhair shonraí maidir le gach ní a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla. Chuige sin, déanfaidh sé nó sí na dualgais a leagtar amach i mír 2 a chomhall agus feidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí a leagtar síos i mír 3 agus, ag an am céanna, comhoibreoidh sé nó sí go dlúth leis na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.

2. Beidh na dualgais seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:

(a) gearáin a éisteacht agus a imscrúdú, agus an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin toradh laistigh de thréimhse ama réasúnach; imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin nó ar bhonn gearáin agus na an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas faoin toradh laistigh de thréimhse ama réasúnach;

(b) faireachán a dhéanamh ar an Rialacháin seo agus ar aon ghnímh eile de chuid an Aontais a bhaineann le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a áirithiú go ndéantar faireachán agus cur i bhfeidhm den sórt sin;

(c) comhairle a chur ar comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó mar fhreagra ar chomhairliúchán, ar gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, go háirithe sula ndéanfaidh siad rialacha inmheánacha a tharraingt suas i ndáil le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla;

(d) clár a choimeád de chineálacha nua oibríochtaí próiseála ar ina leith a thugtar fógra dó nó di;

(e) réamhchomhairliúchán a dhéanamh maidir le próiseáil a chuirfear in iúl dó nó di.

3. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an méid seo a leanas a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo:

(a) comhairle a chur ar na hábhair sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú;

(b) ábhar a chur faoi bhráid chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, i gcás sárú líomhnaithe ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a dhéanamh maidir leis an sárú sin a réiteach agus le cosaint na n-ábhar sonraí a fheabhsú;

(c) a ordú go ndéantar iarrataí chun cearta áirithe a fheidhmiú maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a chomhlíonadh i gcás inar diúltaíodh d'iarrataí den sórt sin de shárú ar na rialacha is infheidhme maidir le cearta ábhar sonraí;

(d) rabhadh a thabhairt don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais nó é nó í a cháineadh;

(e) a ordú don chomhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais ceartú, srianadh, léirscriosadh nó díothú a dhéanamh ar shonraí pearsanta a próiseáladh de shárú ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla agus fógra a thabhairt faoi na gníomhartha sin do thríú páirtithe ar nochtadh na sonraí sin dóibh;

(f) cosc sealadach nó críochnaitheach a chur ar oibríochtaí próiseála ag an gcomhlacht, ag an oifig nó ag an ngníomhaireacht de chuid an Aontais ar oibríochtaí iad a sháraíonn na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla;

(g) ábhar a tharchur chuig an gcomhlacht, chuig an oifig nó chuig an ngníomhaireacht de chuid an Aontais agus, más gá, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

(h) ábhar a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear dóibh in CFAE;

(i) idirghabháil a dhéanamh i gcaingne arna dtabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

(j) a ordú don rialaitheoir nó don phróiseálaí oibríochtaí próiseála a chur i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb infheidhme, leis na rialacha cosanta sonraí a leagtar síos i ngníomh bunaidh an chomhlachta, na hoifige nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí, ar mhodh sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;

(k) ordú a thabhairt sreabha sonraí chuig faighteoir i mBallstát, i dtríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a fhionraí;

(l) fíneáil riaracháin a fhorchur faoi Airteagal 66 i gcás nach gcomhlíonann an comhlacht, an oifig agus an ghníomhaireacht de chuid an Aontais ceann de na bearta dá dtagraítear i bpointí (c), (e), (f), (j) agus (k) den mhír seo, ach sin ag brath ar imthosca gach cáis ar leithligh.

4. Beidh an chumhacht ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain a fháil ón gcomhlacht, ón oifig agus ón ngníomhaireacht de chuid an Aontais ar na sonraí pearsanta oibríochtúla go léir agus ar an bhfaisnéis go léir is gá ar mhaithe lena fhiosrúcháin nó lena fiosrúcháin;

(b) rochtain a fháil ar aon áitreabh ina ndéanann an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ghníomhaíochtaí nuair atá forais réasúnacha ann lena thoimhdiú go bhfuil gníomhaíocht a chumhdaítear leis an gCaibidil seo á déanamh ann.

5. Ullmhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí maoirseachta i ndáil leis na rialaitheoirí faoin gCaibidil seo. Beidh an tuarascáil sin ina cuid de thuarascáil bhliantúil an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 60.

Iarrfaidh MECS ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta barúlacha a chur in iúl faoin chuid sin den tuarascáil bhliantúil sula ndéanfar an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh. Cuirfidh MECS na barúlacha sin san áireamh go hiomlán agus déanfaidh sé tagairt dóibh sa tuarascáil bhliantúil.

Áireoidh an chuid den tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear sa dara fomhír faisnéis staidrimh maidir le gearáin, fiosrúcháin agus imscrúduithe chomh maith le faisnéis maidir le haistrithe sonraí pearsanta oibríochtúla chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le cásanna réamhchomhairliúcháin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus maidir le húsáid na gcumhachtaí a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo.

6. Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na oifigigh agus na baill foirne eile de Rúnaíocht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí faoi cheangal ag oibleagáid na rúndachta, i gcomhréir le hAirteagal 95.'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Mar sin féin, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ón [*lá theacht i bhfeidhm Rialachán nua OIPE*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| *[...]* | *[...]* |